

 **BLOCCS**[®]



COSANTÓIR UISCEDHÍONACH

le haghaidh cásálaí agus cóirithe



TREOIR LE HAGHAIDH CHÚRAIM AGUS ÚSÁIDE

GA Sainheartar an cosantóir uiscdhíonach Bloccs[®] chun cásalach, cóiriú nó bindealán a chosaint chun a chur ar chumas an duine folcadh nó cithfolcadh a thógáil mar is gnách. Is féidir an cosantóir uiscdhíonach agus go hiomlán tumtha seo a úsáid ar an trá nó i linn snámha nó lapadála.

⚠ RABHADH: Is féidir le rubair laitéis aiceanta a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach. Má tá tú faoi chúram leighis, faigh faomhadh ó do sholáthraí leighis sula n-úsáideann tú an cosantóir. **NÁ HÚSÁID É NÁ BHFUILTÚ AILLÉIRGEACH LE LAITÉIS.**

Bloccs[®]

Precision Dippings
Manufacturing Teo.,
Unit J, Lawrence Drive, Stover
Trading Estate, Yate, Bristol
BS37 5PG, an Ríocht Aontaithe
Teileafón: +44 (0) 1454 318197
Ríomhphost: info@bloccs.com

www.bloccs.com



Monaraithe sa RA

Déantar na táirgí go léir a
mhonarú de réir an chaighdeáin
atá ceadaithe faoi láthair i
gCóras Bainistíochta
Cáilíochta ISO 9001.

©Bloccs[®] 2021



**Precision Dippings
Manufacturing Ltd**
Unit J, Lawrence Drive,
Stover Trading Estate,
Yate, Bristol,
BS37 5PG,
UK



Obelis s.a.
Bd. Général Wahis 53
B-1030 Brussels
Belgium

Ní cheadaítear atáirgeadh, cóipeanna, saothair d'fórthaigh, dáileadh agus taispeáint poiblí den Lámhleabhar seo ach amháin le toiliú roimh ré i scríbhinn ó Bloccs[®].

CÚRAM AGUS ÚSÁID DO CHOSANTÓIR BLOCCS®

Go raibh maith agat as Bloccs® a roghnú. Léigh na treoracha seo a leanas go cúramach le do thoil sula n-úsáideann tú do chosantóir Bloccs® nó sula ndéanann tú mairsiú ar leanbh lena c(h)éann féin. Cinnteoidh sé seo go bhfuil an cosantóir á úsáid go sábháilte agus go bhfuil an séala uisce dhíonach éifeachtach.

Is ar do phriacal féin a dhéantar an cinneadh an cosantóir Bloccs® a chaitheamh agus tú san fholcadán, cithfholcadh á ghlacadh agat nó úsáid a bhaint as le haghaidh aon ghníomhaíochta uisce-bhunaithe eile. Ba cheart comhairle leighis a lorg chun a chinntiú nach gcuirfidh an ghníomhaíocht isteach ar an ngortú ata ort.

Conas do chosantóir Bloccs® a chur ort

Toisc go bhfuil do chosantóir Bloccs® déanta as rubair laitéis aiceanta, ba chóir duit aon seodra géar a bhaint díot agus a bheith cúramach gan poll a chur ann le do hingne. Clúdaigh na taobhanna garbha le téip nó le bindealán sínteach.

Sula n-úsáidtear é, cuimil an séala le chéile le do lámha agus sín go séimh é. Chun a sheiceáil go n-oireann an séala i gceart, bain triail as do chlúdach ar an lámh nó cos nach bhfuil an chásalach air. Má mhothaíonn an séala ró-daingean nó ró-scaoilte agus é á thriail agat, roghnaigh cosantóir de mhéid difriúil.

Ba chóir go síneann an séala mín, craiceann-daingean, uisce dhíonach go héasca ar chóiriú.

Lean ár dtreoracha simplí cúig chéim atá iniata sa bhileog seo chun cabhrú leat do chosantóirí lámh/cosa agus uillinn/glúine Bloccs® a chur ort.

Ag baint úsáide as do chosantóir Bloccs®

Ceapadh an cosantóir Bloccs® chun cóiriú a choinneáil tirim agus é gan chosaint ar, nó tumtha in, uisce. Úsáidtear i gcosantóirí Bloccs® an cineál seala chéanna agus a aimsítear ar chultacha thirim.

Sula dtéann tú isteach san uisce, bain an t-aer ar fad as an gcosantóir Bloccs® tríd an gclúdach a shuaitheadh suas i dtreo an tséala chun aon aer gafa a scaoileadh.

Is féidir é seo a dhéanamh freisin tríd an géag a isliú de réir a chéile isteach san uisce ionas go gcuireann brú an uisce an t-aer go dtí barr an cosantóir.

Tarraing an séala go réidh ón gcráiceann chun an t-aer a bhaint sula dtéann sé faoi uisce, ag cinntiú nach dtéann aon uisce isteach sa chosantóir.

Ba chóir an cosantóir a chur ort díreach sula dtéann tú isteach san uisce agus é a bhaint a luaithe is a thagann tú amach as.

Is ar do phriacal féin a dhéanfar an cinneadh dul isteach san uisce. Níor chóir duit léim nó tumadh isteach i linn snámha. Níl na cosantóirí deartha le haghaidh tumadóireacht, snorláil nó aon spóirt uisce eile.

Molaimid an cosantóir Bloccs® a sheiceáil go rialta le linn úsáide chun a chinntiú go bhfuil an séala fós uisce dhíonach agus compordach.

Is féidir an cosantóir a chaitheamh ar feadh suas le 30 nóiméad - ar choinníoll go bhfuil sé fós compordach a chaitheamh, nach mothaíonn sé ró-daingean agus go ndéantar é a sheiceáil go rialta.

Má chaitear an cosantóir ar feadh níos mó ná 30 nóiméad, d'fhéadfadh go mbeadh aer gafa mar chúis le hallas agus míchompord.

CAITHFEAR MAOIRSEACHT A DHÉANAMH I GCÓNÁI AR LEANAÍ I LINN SNÁMHA NÓ SAN FHARRAIGE.

Conas do chosantóir a bhaint díot

Chun an cosantóir Bloccs® a bhaint, sleamhnaigh go cúramach é thar an gcóiríú nó an gcásálach ar do lámh nó cos. Ba chóir córam a ghlacadh chun a chinntiú nach ndéanann ingne nó seodra damáiste do na séaláí.

Cúram don chosantóir Bloccs®

Tá an cosantóir Bloccs® faoi réir caitheamh agus cuimilt ach ba cheart go mairfeadh sé tuairim is 4 seachtaine de ghnáthúsáid.

Ní mór an cosantóir a sheiceáil roimh gach úsáid chun a chinntiú nach bhfuil aon chomharthaí damáiste nó struistriú ann.

Má tá an cosantóir imithe in olcas nó má dhéantar damáiste dó ar bhealach ar bith, ba cheart ceann nua a cheannach.

Ba cheart cosantóirí a stóráil ag teocht faoi bhun 26°C (78,8F) agus a stóráil amach ó théitheoirí. Má bhfuil sé an-fhuar, féadfaidh an cosantóir éirí righin: níl sé seo buan, agus ceartóidh an téamh é.

Ba cheart coinníollacha stórála taise a sheachaint. Seachain an cosantóir a nochtadh ar feadh tréimhse fada don solas, go háirithe solas díreach na gréine agus solas saorga le cion ard UV.

Is féidir an cosantóir Bloccs® a ní in uisce te agus ba chóir é a thriomú go cúramach taobh istigh agus taobh amuigh. Má dhéantar an taobh istigh a dhustáil go héadrom le púdar tailc, beidh sé níos éasca an cosantóir Bloccs® a chur ort. Ná triomáigh an cosantóir i dtriomadóir rothlaim nó ar radaitheoir.

Seachain teagmháil le copar, cóimhiotail a bhfuil copar iontu, tuaslagóirí, olaí agus bealaidh mar is féidir leo damáiste a dhéanamh don chosantóir Bloccs®.

Coinnigh amach ó lasracha gan chosaint mar d'fhéadfadh gortú coirp dian agus fiú bás a bheith mar thoradh air.

Má tá aon cheist agat maidir le do chosantóir Bloccs®, tabhair cuairt ar www.bloccs.com nó seol ríomhphost chuig info@bloccs.com

Tá cóip den lámhleabhar seo, ár gcairt méideanna agus baránta Bloccs® ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.bloccs.com agus www.bloccs.com/warranty

Coinníonn Bloccs® an ceart an lámhleabhar a mhodhnú de réir mar is cuí. Mar tomhaltóir, is orsa atá an fhreagracht an leagan ar líne den lámhleabhar a sheiceáil le haghaidh aon mhodhnuithe.

RABHADH: Is féidir le Bloccs® éirí sleamhain nuair a bhíonn sé fliuch. Bain úsáid as mata folctha neamhsciarrach sa chith nó sa dabhach folctha agus bíodh mata neamhsciarrach nó tuáille eile i láthair nuair a éiríonn tú amach as. Níor chóir duit siúl timpeall taobh na linne snámha agus an cosantóir Bloccs á chaitheamh agat agus bí an-chúramach ar fad agus céimeanna na linne snámha á úsáid agat mar is féidir leo a bheith sleamhain. Coinnigh greim daingean ar an ráille láimhe.

RABHADH: ní bréagáin iad na cosantóirí Bloccs®. Chun an chontúirt plúchta a sheachaint, coinnigh an táirge agus a phacáistiú amach ó pháistí agus leanaí.

RABHADH: Is féidir le rubair laitéis aiceanta a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach. Má tá tú faoi chúram leighis, faigh faomhadh ó do sholátraí leighis sula n-úsáideann tú an cosantóir. **NÁ HÚSAID É MÁ BHFUIL TÚ AILLÉIRGEACH LE LAITÉIS.**

RABHADH: Ba chóir a bheith aireach sa bhreis nuair a tumtar cásálacha coise in uisce mar is féidir leo a bheith trom agus cuirtear srian ar ghluaiseacht. Níor chóir duit dul ag snámh agus cásálach coise ort.

RABHADH: Ba chóir a bheith cúramach le línte PICC nó IV.

Ní féidir rabhaidh a thabhairt maidir le gach contúirt a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le húsáid an táirge seo. Mar sin moltar do thomhaltóirí tuiscint choiteann agus breithiúnas maith a úsáid agus an cosantóir Bloccs® á úsáid acu.


Ba cheart aon teagmhás tromchúiseach a tharla maidir leis an bhfeiste seo a thuirisciú don mhonaróir agus don údarás inniúil sa tír inar ceannaíodh í.

BLOCCS®

CONAS BLOCCS® LE HAGHAIDH LÁIMHE NÓ COISE A CHUR ORT AGUS AN COSANTÓIR A ÚSÁID GAN CÚNAMH

Ba cheart an cosantóir a úsáid de réir na dtreoracha cúraim agus úsáide go léir. Tabhair cuairt le do thoil ar www.bloccs.com chun féachaint ar ár bhfíseán taispeána agus chun ár CCanna a fheiceáil.

1



Bain do chosantóir as an bpacáistíocht agus oscail amach é. Bain díot aon fháinní géara srl.

2



Sula n-úsáidtear é, cuimil an séala le chéile le do lámha agus sín go séimh é.

3



Ón taobh oscailte fill an cosantóir ar ais leath bealaigh.

4



Chun a sheiceáil go n-oireann an séala i gceart, bain triail as do chhlúdach ar dtús ar an lámh nó cos nach bhfuil an chásálach air.

Cuir an lámh nó an cos a bhfuil an chásálach uirthi isteach i gceann oscailte an chosantóra ionas go mbeidh an chos nó an lámh ag bun an chosantóra.

5



Rollaigh an cosantóir ar ais suas an lámh nó cos go dtí go bhfuil an séala cothrom leis an ggráiceann. Má mhothaíonn an séala ró-daingean nó ró-scaoilte agus é á thriail, roghnaigh cosantóir de mhéid difriúil.


Lig amach beagán aer ionas nach bhfanfaidh an cosantóir ar snámh.

BLOCCS®

CONAS BLOCCS® UILLINN NÓ GLUINE A CHUR ORT AGUS AN COSANTÓIR A ÚSÁID GAN CÚNAMH

Ba cheart an cosantóir a úsáid de réir na dtreoracha cúraim agus úsáide go léir. Tabhair cuairt le do thoil ar www.bloccs.com chun féachaint ar ár bhfíseán taispeána agus chun ár CCanna a fheiceáil.

1



Bain do chosantóir as an bpacáistíocht agus oscail amach é. Bain díot aon fháinní géara srl.

Tá dhá cheann ar an gcosantóir; ceann níos leithne chun é a shéalú timpeall an bhicéip nó na leise (B) agus ceann níos lú le séalú timpeall chaol na láimhe nó an colpa íochtair (C).

2




Sula n-úsáidtear é, cuimil an séala le chéile le do lámha agus sín go séimh iad.

3



Chun an cosantóir a chur ort go héasca, tóg ceann B agus cas leath den chosantóir taobh tuathail amach ionas go mbeid sé díreach os cionn ceann C.


4



Chun a sheiceáil go n-oireann an séala i gceart, bain triail as do chlúdach ar dtús ar an lámh nó cos nach bhfuil an chásalach air.

Brúigh do lámh nó do chos go mall tríd an dá cheann B agus ansin C. Ansin rolladh suas an ceann B go cúramach go dtí go séalaíonn sé go réidh ar an lámh nó ar an leis.

5



















Ba chóir an limistéar feistis iomlána chlúdach, agus ba chóir go mbeadh séala mín, craiceann-daingean, uisceadhíonach timpeall na láimhe nó na coise ag dá cheann an chosantóra. Má mhothaíonn an séala ró-daingean nó ró-scaoilte agus é á thriail, roghnaigh cosantóir de mhéid difriúil.

Lig amach beagán aer ionas nach bhfanfaidh an cosantóir ar snámh.

BLOCCS®

GLUAIS NA SIOMBAILÍ

| | |
|---|--------------------------------------|
|  | Monaróir |
|  | Comhartha comhréireachta an AE |
|  | Feiste Leighis |
|  | Sainaitheantóir Uathúil Feiste |
|  | Cainníocht Feistí |
|  | Cóid bhaisc |
|  | Dáta Déantúsaíochta |
|  | Dáileoir |
|  | Ionadaí údaraithe san Aontas Eorpach |

| | |
|---|---|
|  | AIRE |
|  | Tá rubair nádúrtha laitéis ann |
|  | Dromchla sleamhain |
|  | Riosca plúchta |
|  | Coinnigh amach ó sholas na gréine |
|  | Stóráil idir 5 - 26°C (41-78°F) |
|  | Othar aonair- ilúsáid |
|  | Neamh-steiriúil |
|  | Téigh i gcomhairle leis na treoracha úsáide |
|  | Pacáistiú in-athchúrsáilte |
|  | Coinnigh amach ó lasracha gan chosaint |